
AMTCE

Ionad Oiliúna Barr Feabhais Ard-Déantúsaíochta

Advanced Manufacturing Training Centre of Excellence

# IAR-BHUNSCOILEANNA
# LEABHRÁN EOLAIS











**TIONSCADAL SCOILE CONAIRÍ BO ARD-DÉANTÚSAÍOCHTA BOOLM BLIAIN ACADÚIL 2022/2023**

lmetb

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

SOLAS
learning works

ENTERPRISE IRELAND

# Réamhrá

### Ionad Barr Feabhais Oiliúna Ard-déantúsaíochta (AMTCE) BOOLM
### An tUas. Martin G. O'Brien, Príomhfheidhmeannach BOOLM



**An tUas. Martin G. O'Brien**
**Príomhfheidhmeannach, BOOLM**

Is áis oiliúna úrscothach é Ionad Barr Feabhais Oiliúna Ard-Déantúsaíochta (AMTCE) BOOLM, lonnaithe i nDún Dealgan, Co. Lú a bunaíodh i mí Eanáir 2021.

Is é feidhm an AMTCE oiliúint a chur ar fáil ar threalamh agus ar phróisis úrscothacha a bheidh mar bhonn agus taca faoi aistriú comhlachtaí Éireannacha go dtí oibríochtaí atá bunaithe ar thionsclaíocht 4.0. Tá catalóg chuimsitheach de chúrsaí oiliúna á cur ar fáil ag an ionad atá ar aon dul le riachtanais na tionsclaíochta agus á soláthar ag cleachtóirí oiliúna tionsclaíochta den scoth.

Faoi láthair, tá an AMTCE ag tairiscint oiliúint scileanna, printíseachtaí agus cúrsaí leibhéal 5/6 den chaighdeán domhanda is airde i bPróisis Róbataice, Cóbataice, Déantúsaíocht Bhreisithe, IIoT, CAD/CAM, Rialú Tionsclaíoch, Cibearshlándáil, Optamú Próisis (Lean 6 Sigma), Bithchógaisíocht agus Próiseáil Bia i measc réimsí eile.

# Conairí agus Deiseanna Aistrithe

### An Stiúrthóireacht Bhreisoideachais agus Oiliúna (BO)



**Iníon. Sadie Ward McDermott**
**Stiúrthóir BO, BOOLM**

Soláthraíonn Stiúrthóireacht BO BOOLM cúrsaí agus cláir i réimse leathan de dhisciplíní do lucht foghlama, idir leathan agus spriocdhírithe lena n-áirítear lucht fágála scoile, daoine ar mian leo uas-sciliú agus athsciliú, iad sin atá ag déanamh taighde ar athrú gairme, daoine dífhostaithe, daoine nach bhfuil sa lucht saothair agus iad sin atá ag cuardach poist. Díríonn cláir agus cúrsaí BO ar fhoghlaim eispéireasach, le cois sealbhú eolais, scileanna agus forbairt cumais.

Mar chuid de sholáthar Stiúrthóireacht BO, cuireann BOOLM ar fáil fosta Conairí agus Deiseanna Aistrithe struchtúrtha do mhic léinn agus d'fhoghlaimeoirí le bheith páirteach ann agus taithí a bheith acu ar BO. I measc na gclár seo tá Tionscadal Scoile Conairí BO Ard-déantúsaíochta AMTCE, ina bhfuil rochtain ar theicneolaíochtaí úrscothacha in áitribh BO den chuid is fearr. Ar an mbealach seo, éascaítear fiosrú agus feidhmiú cruthaitheach scileanna nuálacha agus réiteach fadhbanna i leith dúshláin tionscadail.

Is tábhachtach fosta go soláthraíonn an clár conairí scoile seo deiseanna FGL do mhúinteoirí a éascaíonn dá réir forleathadh scileanna, eolais agus inniúlachtaí laistigh de ranna ábhair i scoileanna.

Is maith is eol do Stiúrthóireacht BO BOOLM, le tacaíocht ó DFHERIS agus SOLAS, faoin tsineirge agus faoin gcumas an clár seo a mhéadú. Óna thaobh seo, táimid ag dúil le fáilte a chur roimh an gcéad ghrúpa eile de scoileanna, múinteoirí agus foghlaimeoirí chuig an AMTCE le haghaidh Thionscadal méadaithe Scoile Chonairí BO AMTCE Ard-Déantúsaíochta le linn Bhliain Acadúil 2022/2023.



# Tionscadal Scoile

### Chonairí (BO) AMTCE Bhreisoideachais agus Oiliúna Ard-Déantúsaíochta

### Iníon. Fiona Kindlon, Stiúrthóir Scoileanna, BOOLM



**Iníon. Fiona Kindlon,**
**Stiúrthóir Scoileanna, BOOLM**

Le hoscailt AMTCE BOOLM, bhí deiseanna nua spreagúla, nuálacha ag scoileanna BOOLM chun taithí foghlama daltaí a fheabhsú trí naisc a chothú leis an Ionad.

Go mall in 2021, chuir AMTCE tús le feidhmiú céimneach, ar bhonn píolótach, le Tionscadal Scoile Chonair (BO) Ard-Déantúsaíochta.

I ndúshlán tionscadail an chláir, cuirtear daltaí agus múinteoirí ar an eolas faoi fheidhmeanna fíorshaoil STEM agus faoi theicneolaíochtaí a úsáidtear san ard-déantúsaíocht, rud a chuireann ar chumas múinteoirí agus daltaí araon scileanna nua a fhoghlaim le gur fearr is féidir leo an méid a theagasctar i scoileanna a chur i gcomhthéacs láthair oibre na linne. Bíonn eispéiris fíorshaoil ag daltaí ar fheidhmeanna innealtóireachta/TFC agus san am céanna idirghníomhaíonn siad le hinnealtóirí ó chúlraí éagsúla agus tugtar chun solais conairí féideartha gairme i ngach réimse de STEM. San am céanna, bíonn deis ag múinteoirí cur lena scileanna sa dearadh bogearraí agus i dteicneolaíochtaí priontáil 3T.

Rinneadh scéim phíolótach de Thionscadal Scoile Chonairí Bhreisoideachais agus Oiliúna (BO) Ard-Déantúsaíochta le ceithre iar-bhunscoil de chuid BOOLM, péire i gCo. Lú agus péire i gCo. na Mí. Bhí ríméad ar na ceithre iar-bhunscoil a bheith páirteach sa tionscadal ar leith nuálach seo a bhfuil baint lárnach aige leis na teicneolaíochtaí is déanaí amhail Réaltacht Fhíorúil (VR), Réaltacht Bhreisithe (AR) agus Róbataic.

I mBliain Acadúil 2022/23 tá an AMTCE ag cur an chláir seo ar fáil do gach Iar-Bhunscoil in BOOLM.

Tá tuilleadh eolais ar an AMTCE ar fáil ag www.amtce.ie

# Intreoir

## don Ard-déantúsaíocht



**An tUas. Michael McGrath**
**Stiúrthóir Teicniúil, AMTCE**

Is cuid thar a bheith tábhachtach de Gheilleagar na hÉireann é ar breis agus 30% den OTI é an Ard-déantúsaíocht. Deirtear go forleathan go bhfuil an déantúsaíocht ag dul tríd an 4ú réabhlóid thionsclaíoch nó an t-aistriú go dtí Tionsclaíocht 4.0. Ag croí Tionsclaíocht 4.0 tá an t-aistriú go dtí déantúsaíocht lándigitithe. Chuige seo, is gá réimse de theicneolaíochtaí a úsáid le cois forbairt scileanna teagmhálacha chun na teicneolaíochtaí seo a úsáid. Tá go leor poist iontacha a bhfuil tuarastal maith ag gabháil leo ag teacht aníos de thoradh an aistrithe seo.

Le Tionscadal Scoile Chonairí (BO) Ard-Déantúsaíochta AMTCE BOOLM, tagann deis iontach do dhaltaí foghlaim faoi dheiseanna gairme atá ag teacht chun cinn san ard-déantúsaíocht agus croíscileanna a shealbhú is féidir leo a úsáid ar a n-aistear forbartha gairme feasta. Má bhíonn daltaí agus múinteoirí páirteach sa tionscadal, beidh deis acu taithí phraiticiúil a bheith acu le teicneolaíochtaí úrscothacha san AMTCE. Tá mé féin agus m'fhoireann ag dúil le tú a fheiceáil anseo san Ionad gan mhoill agus muid ag cur tús leis an aistear iontach seo.

# Tionscadal Scoile

## Chonairí Breisoideachais agus Oiliúna (BO) Ard-Déantúsaíochta AMTCE

Cuimsíonn Tionscadal Scoile Chonairí (BO) Ard-Déantúsaíochta AMTCE na teicneolaíochtaí is déanaí amhail Réaltacht Fhíorúil (VR), Réaltacht Bhreisithe (AR) agus Róbataic agus iad ar fáil in ionaid BO den chaighdeán is airde nó in ionaid eile den sórt, chun an t-eispéireas foghlama a fheabhsú agus a shaibhriú.

**Áirítear le haidhmeanna rannpháirtíochta an tionscadail:**

- Deis ar leith a thabhairt do dhaltaí agus d'fhoirne teagaisc a bheith páirteach i bhfoghlaim ghníomhach in ionad BO nó in ionad eile den sórt sa réigiún agus rochtain acu ar threalamh agus teicneolaíochtaí úrscothacha.
- Daltaí a chumasú, a spreagadh agus tacú leo conairí gairme a fheiceáil ó scoil go BO agus ar aghaidh go dtí an fhostaíocht i réimsí Ard-déantúsaíochta agus Teicneolaíochtaí Digiteacha.
- Daoine a chur ar an eolas faoin earnáil déantúsaíochta, ard-déantúsaíochta agus teicneolaíochta atá ag fás i rith ama
- Feasacht ar scileanna digiteacha don láthair oibre a chur chun cinn
- Sampláil ilghnéitheach d'úsáid teicneolaíochta i suíomh na déantúsaíochta a chur ar fáil
- Tuiscint ar oibríocht agus feidhmeanna Róbataice a thabhairt do dhaltaí
- Deiseanna a thabhairt do dhaltaí a scileanna a fhorbairt a thuilleadh lena n-áirítear cumarsáid, cruthaitheacht, eolas agus smaointeoireacht a bhainistiú, taighde, ag obair i bpáirt le daoine eile agus ag obair le teicneolaíocht dhigiteach
- Timpeallacht a chur ar fáil do dhaltaí chun smaointe samhaltaithe agus nuálaíocht struchtúrtha a phlé agus dul ina mbun in éineacht le hinnealtóirí oilte
- Daltaí a éascú le dul i mbun próiseas Samhaltú 3T agus optamú i gcomhair priontála
- Taithí phraiticiúil a thabhairt do dhaltaí in úsáid réimse de theicneolaíochtaí priontála 3T a úsáidtear sa Déantúsaíocht Bhreisithe
- Daltaí a spreagadh le smaoineamh ar ghairmeacha teicneolaíochta agus comhairle a thabhairt faoi chonairí cuí gairme
- Daltaí a éascú lena n-uaillmhian ghairme a mhúnlú agus a spriocanna gairme a bhaint amach
- Naisc a chur chun cinn le hoideachas iar-bhunscolaíochta, oiliúint agus deiseanna fostaíochta
- Feasacht a fhorbairt faoi thábhacht agus faoi scileanna na cibearshlándála.





# Comhtháthú

## san Idirbhliain

Is clár ar leith aon bhliana é Clár na hIdirbhliana ina gcuirtear chun cinn forbairt phearsanta, shóisialta, ghairme agus oideachais daltaí agus a ullmhaíonn iad dá ról mar bhaill shochaí a bheidh neamhspleách, rannpháirtíoch agus freagrach (Treoirlínte na hIdirbhliana, 1994, an Roinn Oideachais). Is droichead é an Idirbhliain chun a chur ar chumas daltaí aistriú a dhéanamh ón bhfoghlaim sa tSraith Shóisearach ina bhfuil an bhéim ar spleáchas go dtí an timpeallacht foghlama níos neamhspleáiche a bhaineann leis an tSraith Shinsearach. Spreagann sí forbairt réimse leathan de scileanna smaointeoireachta criticiúla agus réiteach cruthaitheach fadhbanna.

Ba chóir gur bhunghné de chuid na hIdirbhliana í úsáid réimse leathan de mhodheolaíochtaí agus cásanna teagaisc/foghlama. Is fearr is féidir spriocanna agus cuspóirí an chláir a ghnóthú trí bhéim ar leith a leagan ar fhoghlaim idirbheartach, freagracht phearsanta san fhoghlaim, foghlaim bunaithe ar ghníomhaíochtaí, cuir chuige chomhtheagaisc, grúpobair, plé, díospóireacht, agallamh, obair thionscadail agus taighde, cuairteanna ó chainteoirí agus seimineáir, cuairteanna staidéir agus allamuigh agus taithí oibre agus samhaltú oibre.

Leis an teaglaim de ghníomhaíochtaí sa chlár Tionscadal Scoile Conairí Breisoideachais agus Oiliúna (BO) Ard-Déantúsaíochta, lena n-áirítear cuairteanna isteach sa scoil, cuairteanna ar an AMTCE agus ar ionaid taighde eile, seisiúin tobsmaointeoireachta le grúpaí daltaí, giniúint smaointe, forbairt coincheap agus fréamhshamhla, ceardlanna praiticiúla agus deiseanna machnamh a dhéanamh ar dheiseanna gairme san am atá le teacht, feabhsófar agus saibhreofar go mór an t-eispéireas foghlama do gach dalta san am atá romhainn agus cuirfear ar a gcumas a scileanna agus a dtréithe féin a fhorbairt a thuilleadh.

Beidh comhordaitheoirí Idirbhliana thar a bheith sásta, mar sin de, go bhféadfaí gan stró an Tionscadal Scoile Conairí Breisoideachais agus Oiliúna (BO) Ard-Déantúsaíochta a chuimsiú sa Chiseal Sainiúil IB dá gClár Idirbhliana ina scoil.






# Amlíne Clár Scoileanna

**Do Bhliain Acadúil 2022/2023**



I mbliain acadúil 2022/2023, beidh fiche dalta Idirbhliana in aghaidh na scoile ar a laghad i mbun an tionscadail.

Seolfar an tionscadal ar an 20ú Deireadh Fómhair 2022 ar chruinniú de Phríomhoidí/Leas-Phríomhoidí/Treoirchomhairleoirí/ Comhordaitheoirí Idirbhliana agus Comhordaitheoirí Ábhair Theicneolaíochta san AMTCE.

Cuirfear leabhrán eolais agus nasc chuig físeán poiblíochta ar fáil ar an lá le cois foirmeacha iarratais ionas go bhféadann scoileanna páirt a ghlacadh sa tionscadal.

**5pm an Aoine 28ú Deireadh Fómhair 2022 an dáta deiridh le haghaidh foirmeacha iarratais a chur isteach.**

Sula dtosóidh an clár leis na daltaí, beidh múinteoirí i ngach scoil in ann freastal ar oiliúint de chuid AMTCE chun tacú leo i bhforbairt agus feidhmiú an chláir ina gcuid ranganna. Eiseofar na mionsonraí uile le scoileanna i ndiaidh sheoladh an tionscadail.

Tosóidh an tionscadal i mí na Samhna 2022 agus críochnóidh sé i mí na Bealtaine 2023. Tá gnéithe éagsúla an chláir leagtha amach thíos.

| Céimeanna an chláir | Amlínte Táscacha | Achar ama |
|---|---|---|
| 1. Oiliúint Múinteoirí roimh dhaltaí tosú ar an tionscadal (suas le ceathrar múinteoirí in aghaidh gach scoile atá páirteach) | Mí na Samhna 2022 | 1 – 3 Lá |
| 2. Cuairt Scoile amháin le bualadh le Múinteoirí agus Daltaí chun an tionscadal a mhíniú/tosú ar an tionscadal srl | Mí na Samhna/Mí na Nollag 2022 | Ceardlann 2 uair an chloig ar a fhad |
| 3. Ceardlann Scoile Sheachtrach amháin ag sampláil/ag úsáid Teicneolaíocht Ard-déantúsaíochta. Eagrófar é seo san AMTCE agus/nó in Áis Ard-déantúsaíochta eile den sórt. Beidh idir Mhúinteoirí agus Dhaltaí san áireamh. | Eanáir/Feabhra 2023 | Ceardlann leath lae |
| 4. Cuairt Scoile Leantach amháin le bualadh le Múinteoirí agus Daltaí chun an tionscadal go dtí seo a athbhreithniú agus dul chun cinn smaoineamh tionscadail a phlé | Márta/Aibreán 2023 | Ceardlann 2 uair an chloig ar a fhad |
| 5. Freastal ar Shearmanas Gradaim | Bealtaine 2023 | Lá iomlán |

**Tá tuilleadh eolais ar na céimeanna seo uile ar fáil ar an gcéad dá leathanach eile den Leabhrán Eolais seo.**

**Seoladh Tionscadail**
20ú Deireadh Fómhair 2022

**Aighneachtaí Dáta Deiridh**
Aoine 28ú Deireadh Fómhair 2022

**20 ar a laghad**
Dalta Idir-bhliana in aghaidh na scoile

**Oiliúint Múinteoirí**
Samhain 2022

**Cuairt Scoile**
Samhain / Nollaig 2022

**Ceardlann sheachtrach**
Eanáir/Feabhra 2022


**Cuairt scoile leantach**
Márta/ Aibreán 2022

**Searmanas Gradam**
Bealtaine 2023

## Céim 1 Oiliúint Múinteoirí/Foirne FG/FGL

- Seachadadh oiliúint samhaltú 3T agus priontáil 3T do mhúinteoirí agus d'fhoirne atá páirteach sa chlár.
- Is é aidhm na hoiliúna a chinntiú go bhféadann múinteoirí tacú lena ndaltaí le linn fhorbairt gach gníomhaíochta agus aon dúshlán a bheadh ag daltaí leis an bprintéir 3T a shárú.
- D'fhéadfaí an seisiún oiliúna a eagrú ag deireadh na seachtaine, i rith an lae nó i ndiaidh scoile
- Beidh rochtain lánaimseartha / leanúnach ag múinteoirí ar theagascóirí agus comhairleoirí an tionscadail.
- Gníomhaíochtaí: 3T Céim1 - Ceardlann Phriontála.
- Tuiscint ar an bpróiseas deartha agus modheolaíocht smaointeoireacht deartha.
- Éirí cleachta le bogearraí samhaltú 3T.
- Bheith páirteach sa phróiseas priontála 3T
- Úsáid agus cothabháil printéirí 3T.
- Éirí cleachta le róbataic
- Éirí cleachta le tábhacht agus scileanna na cibearshlándála.







# Céim 2 Oiliúint Daltaí ar Láthair na Scoile

- Intreoir don Déantúsaíocht Bhreisithe agus Dúshlán Priontáil 3T
- Cuirfear daltaí ar an eolas faoin dúshlán a mbeidh siad ag obair air.
- Beidh an dúshlán seo fréamhaithe san fhoghlaim bunaithe ar thionscadal.
- Tosóidh an tionscadal le smaoineamh agus críochnóidh sé le táirgeadh táirge. Ar an tslí seo, éiríonn an clár níos suimiúla agus níos spreagúla do dhaltaí.
- Cuirfear ábhar ar mhodheolaíocht smaointeoireachta deartha ar fáil.
- Cuireann an rannpháirtíocht agus cuairteanna ar an AMTCE ag daltaí agus ag baill foirne atá páirteach sa tionscadal Conairí ar chumas daltaí teacht amach as timpeallacht na scoile agus isteach san ionad BO Barr Feabhais AMTCE, suite i nDún Dealgan, Co. Lú. Is é a bheidh i gceist le cuairteanna ar an ionad, ceardlanna, seimineáir, le cois foghlaim ghníomhach chun tacú le rannpháirtíocht daltaí sa tionscadal chomh maith le daltaí a chur ar an eolas faoin ionad BO.
- Is é aidhm na hoiliúna a chinntiú go bhféadann múinteoirí tacú lena ndaltaí le linn forbairt gach gníomhaíochta agus aon dúshlán a bheadh ag daltaí leis an bprintéir 3T a shárú.
- D'fhéadfaí an seisiún oiliúna a eagrú ag deireadh na seachtaine, i rith an lae nó i ndiaidh scoile
- Beidh rochtain lánaimseartha / leanúnach ag múinteoirí ar theagascóirí agus comhairleoirí an tionscadail.
- Gníomhaíochtaí: 3T Céim1 - Ceardlann Phriontála.
- Tuiscint ar an bpróiseas deartha agus modheolaíocht smaointeoireacht deartha.
- Éirí cleachta le bogearraí samhaltú 3T.
- Bheith páirteach sa phróiseas priontála 3T
- Úsáid agus cothabháil printéirí 3T.
- Éirí cleachta le róbataic
- Éirí cleachta le tábhacht agus scileanna na cibearshlándála.






# Céim 3 Cuairteanna ag Daltaí ar Láthair Ionad Oiliúna Barr Feabhais Ard-déantúsaíochta (AMTCE)

- Is é an smaoineamh atá taobh thiar de na cuairteanna ar AMTCE múinteoirí agus daltaí a chur ar an eolas faoi Áiseanna Tionscalchaighdeánacha, faoin méid a dhéanann siad agus na teicneolaíochtaí a úsáidtear i dTionsclaíocht 4.0 trí pháirt a ghlacadh i léirithe idirghníomhacha. Taispeánfaidh sé seo dóibh conas atá déantúsaíocht ag forbairt agus á cur féin in oiriúint. Cuirfear ar a gcumas idirghníomhú le taighdeoirí ar de chúlra eolaíochta agus innealtóireachta iad agus athrófar an stéiréitíopa go gcaitheann gach innealtóir buataisí agus clogaid.
- Mar chuid de na léirithe agus na deiseanna foghlama gníomhaí, buailfidh gach grúpa le Comhairleoirí Teicniúla Seachtracha an chláir lena smaointe/ tionscadail, chomh hindéanta leo agus mar is féidir feabhas a chur orthu, a phlé.
- Beidh réamhscóipeáil curtha i gcrích ag gach grúpa daltaí roimh chuairt a thabhairt ar an AMTCE. Beidh an t-eolas seo léirithe ar Chlár Aoibhe agus bunaithe ar aiseolas, tosóidh gach grúpa ag obair ar a ngníomhaíochtaí fréamhshamhla féin:
- Tá glactha ag an AMTCE le húsáid ardteicneolaíochtaí agus trealaimh de réir mar a oibríonn sé i bpáirt le lucht tionscail chun go gcumasófar foirne oibre a uas-sciliú agus a athsciliú. Mar sin de, is croíbhuntáiste é rochtain ar theicneolaíochtaí Róbataice do rannpháirtithe sa tionscadal Conairí. Le linn na gcuairteanna ar an AMTCE, tacaítear le hionchuir struchtúir a bhaineann le hoiliúint phraiticiúil sa Róbataic agus san IS.
- Trí úsáid oiliúint churaclaim BO á seachadadh mar is cuí do dhaltaí, ag baint feidhme as foghlaim ghníomhach agus as teicneolaíochtaí IS atá ar fáil san ionad BO. Intleacht Shaorga: Foghlaimíonn daltaí cad is IS ann, mar a oibríonn sí agus faoi fheidhmeanna éagsúla atá ar fáil sa tionscal.
- Táthar ag dúil go dtabharfaidh na Comhairleoirí Teicniúla Seachtracha suas le ceithre chuairt ar an scoil le linn théarma an tionscadail.







# Céim 4

## Cuairteanna breise ar an Scoil (más gá)

- Má iarrann múinteoirí nó daltaí tuilleadh cabhrach maidir le samhaltú nó priontáil an tionscadail, féadann na Comhairleoirí Teicniúla Seachtracha cuairt a thabhairt ar an scoil arís más gá.

# Céim 5 Cur i Láthair Torthaí ag na Daltaí

Déanfaidh gach scoil a bheidh rannpháirteach sa Tionscadal Scoile Chonairí Breisoideachais agus Oiliúna (BO) Ard-Déantúsaíochta Ceiliúradh Cruthaitheachta agus Nuálaíochta Daltaí a óstáil ina scoil féin mar chuid den Chlár IB in Aibreán 2023. Ar an ócáid seo, tabharfaidh painéal moltóirí, arna gceapadh ag Foireann an Tionscadail Scoile Chonairí Breisoideachais agus Oiliúna (BO) Ard-Déantúsaíochta cuairt ar an scoil le bualadh le daltaí agus le níos mó a fháil amach faoina dturas tríd an tionscadal agus smaointe agus coincheapa tionscadail a phlé. Iarrfar ar dhaltaí póstaeir, dialanna agus fréamhshamhlacha a ullmhú don ócáid seo le cabhrú leis an bpainéal na céimeanna a rinne an grúpa le linn an tionscadail a phlé. Is iondúil gur orthu seo a leanas a bheidh fócas an phlé ar an ócáid seo:

- TCúlra nó comhthéacs an smaoinimh
- Na smaointe éagsúla a bhíonn acu roimh roghnú an smaoinimh deiridh
- Fadhbanna/ constaicí a bhíonn rompu agus straitéisí /réitigh a aithnítear agus a chuirtear i bhfeidhm
- Fadhbanna a thagann aníos agus an táirge á fhorbairt agus mar a réitigh siad na fadhbanna seo
- Tionchar a dtáirge ar shaol daoine
- Feabhsúcháin a d'fhéadfaí a chur lena ndearadh
- Comhairle do na chéad daltaí IB eile ar bhuntáistí an chláir seo

Ar an ócáid seo, bronnfar Teastas Rannpháirtíochta sa Chlár ar gach dalta a bhí páirteach sa chlár. Is féidir an Teastas seo a chuimsiú i bPunann Idirbhliana an dalta agus beidh sé thar a bheith tairbheach don dalta agus é/í ag comhlánú CV agus foirmeacha iarratas do phoist agus/nó coláiste. Le rannpháirtíocht sa tionscadal beidh daltaí in ann samplaí praiticiúla a thabhairt agus iad faoi agallamh ar conas a d'fhorbair siad a scileanna agus a dtréithe le linn a gcuid ama ar scoil.

Ainmneoidh an fhoireann moltóirí dhá ghrúpa ón scoil le bheith mar ionadaithe na scoile ag an Searmanas Bliantúil Gradaim Daltaí.

I mí na Bealtaine 2023, beidh cuireadh ar dhaltaí a bhí páirteach sa tionscadal agus atá ainmnithe ag an bhfoireann moltóirí le bheith mar ionadaithe na scoile agus a bheith páirteach i Searmanas Gradaim Thionscadal Scoile Chonairí Breisoideachais agus Oiliúna (BO) Ard-déantúsaíochta AMTCE i nDún Dealgan, Co. Lú. Beidh deis ag gach scoil dhá thionscadal a chur ar taispeáint agus bronnfaidh an painéal moltóirí ar an lá 1ú, 2ú agus 3ú Duais chun an comórtas a thabhairt chun críche.

























**Tá tuilleadh eolais ar Thionscadal Scoile Chonairí Breisoideachais agus Oiliúna (BO) Ard-déantúsaíochta AMTCE ar fáil ach r-phost a sheoladh chuig: amtce@lmetb.ie**

**Foirgneamh B, Páirc Theicneolaíochta Xerox,**
**Dún Dealgan, Co Lú A91 Y319**

lmetb

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

SOLAS
learning works

ENTERPRISE IRELAND